



IONSTRAIMÍ REACTÚLA.

I.R. Uimh. [•] de 202[•]

NA *DRÉACHT*-RIALACHÁIN BEAGFHEITHICLE SEIRBHÍSE POIBLÍ (SAORÁID ÍOCAÍOCHTA GAN AIRGEAD
TIRIM), 202[•]

I.R. Uimh. [•] de 202[•]

NA [DRÉACHT]-RIALACHÁIN BEAGFHEITHICLE SEIRBHÍSE POIBLÍ (SAORÁID ÍOCAÍOCHTA GAN AIRGEAD TIRIM), 202[•]

I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dó le halt 20 agus alt 48 den Acht um Rialáil Tacsaithe, 2013 (Uimh. 37 de 2013), arna leasú, déanann an tÚdarás Náisiúnta Iompair leis seo na rialacháin seo a leanas:

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Lua

1. Féadfar na Rialacháin Beagfheithicle Seirbhíse Poiblí (Saoráid Íocaíochta gan Airgead Tirim), 202[•] a ghairm de na Rialacháin seo.

Tosach feidhme

2. Tiocfaidh na Rialacháin seo i ngníomh an [•].

Mínithe

3. (1) Sna Rialacháin seo—
ciallaíonn “íocaíocht gan airgead tirim” íocaíocht trí chárta creidmheasa, trí chárta dochair nó trí ionstraim íocaíochta eile de réir bhrí Airteagal 4 de Threoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015; agus
ciallaíonn “Príomh-Acht” an tAcht um Rialáil Tacsaithe, 2013, arna leasú.

(2) Tá le focal nó le habairt a úsáidtear sa Rialachán seo agus a úsáidtear freisin sa Phríomh-Acht an bhrí chéanna sa Rialachán seo atá leis nó léi sa Phríomh-Acht, mura léir a mhalairt d’intinn.

Íocaíocht gan airgead tirim

4. I ndáil le haon turas, déanfaidh tiománaí tacsáí:
 - a. a chinntiú go bhfuil gaireas lena n-éascaítear íocaíocht gan airgead tirim ina sheilbh aige nó ina seilbh aici; agus
 - b. glacadh le híocaíocht gan airgead tirim mar mhodh íocaíochta d’aon táille.
5. Ní thaifeadfaidh an tiománaí tacsáí na mionsonraí cárta íocaíochta de chuid aon phaisinéara.

Rialacháin phionósacha

6. Dearbhaítear Rialacháin 4 agus 5 a bheith ina bhforálacha pionósacha chun críche alt 20(4) den Phríomh-Acht.

Méid forordaithe na híocaíochta seasta.

7. Chun críche alt 48 den Phríomh-Acht, is é an méid atá forordaithe do chion íocaíochta seasta dá dtagraítear i gcolún (2) de Sceideal 1 an méid a luaitear i gcolún (4) den Sceideal sin os comhair lua an chiona íocaíochta seasta.

SCEIDEAL 1

Cionta Íocaíochta Seasta – Méideanna Forordaithe

Cód	Alt den Phríomh-Acht nó Rialachán faoi na Rialacháin seo	Tuairisc ar an gcion	Méid an Phionóis Sheasta
?	Rialachán 4(a) de na Rialacháin seo	Mainneachtain gaireas íocaíochta gan airgead tirim a iompar	[€200]
?	Rialachán 4(b) de na Rialacháin seo	Mainneachtain glacadh le híocaíocht gan airgead tirim	[€200]

Foilsíodh fógra san “Iris Oifigiúil” an [•] á rá go ndearnadh an Ionstraim Reachtuil seo.



ARNA THABHAIRT faoi shéala an Údaráis Náisiúnta Iompair an [•].

Fred Barry,

Cathaoirleach, an tÚdarás Náisiúnta Iompair.

NÓTA MÍNIÚCHÁIN I nDÁIL LEIS NA

Rialacháin Beagfheithicle Seirbhíse Poiblí (Saoráid Íocaíochta gan Airgead Tirim), 202[•]

(Ní cuid den Ionstraim an nóta seo ná ní ceart a mheas gur míniú dlíthiúil uirthi é.)

Tá sé mar chuspóir leis na Rialacháin Beagfheithicle Seirbhíse Poiblí (Saoráid Íocaíochta gan Airgead Tirim), 202[•], ceanglas a chur ar thiománaithe tacsaithe saoráid fheidhmiúil íocaíochta gan airgead tirim a iompar le linn dóibh oibriú agus ceanglas a chur orthu glacadh le híocaíochtaí gan airgead tirim d'aon turas. Foráiltear leis na rialacháin freisin do cheanglais maidir le caighdeáin agus slándáil gaireas íocaíochta.